Márta 2019/QG13 © QQI

Earnáil-Shonracha

# Treoirlínte Reachtúla maidir le hAthbhreithniú Ollscoil na hÉireann (OÉ) ar Sholáthraithe Nasctha

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLÁR


1 Réamhrá .......... 2

2 Raon Feidhme .......... 2

3 Tagairtí Eorpacha .......... 3

4 Taighde .......... 3

5 Freagrachtaí OÉ as Athbhreithniú ar Sholáthraithe Nasctha .......... 3

5.1 Ginearálta .......... 3

5.2 Ag ullmhú d'Athbhreithniú .......... 4

5.3 Athbhreithniú .......... 4

6. Caighdeáin agus Dámhachtainí .......... 6

6.1 Gnásanna Deimhniúcháin .......... 6

# 1 RÉAMHRÁ

Is Treoirlínte iad seo d'Ollscoil na hÉireann (OÉ) maidir le hAthbhreithniú ar a Soláthraithe Nasctha, faoi Alt 27(1)(c) d'Acht 2012. Is ollscoil í OÉ a bunaíodh le dlí faoi Acht na nOllscoileanna Éireannacha 1908 agus a athstruchtúraíodh faoi Acht na nOllscoileanna 1997. Cuimsíonn OÉ, de réir dlí, ceithre chomh-ollscoil uathrialacha. Ar leithligh uathu seo, tá sé de chumhacht ag OÉ faoina cairt agus faoi reacht, institiúidí ardoideachais eile a aithint agus céimeanna agus cáilíochtaí eile a bhronnadh sna hinstitiúidí sin. Is é an ainmníocht a úsáideann OÉ ná an ainmníocht "Ollscoil Aitheanta OÉ".

Leagtar amach in Acht 2012 na Forais Cháiliúcháin Ainmnithe agus na freagrachtaí atá orthu maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar sholáthraithe nasctha. Is iad seo na hollscoileanna a bunaíodh roimhe seo, ollscoileanna teicneolaíochta agus Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI) agus OÉ. Is iad forais cháiliúcháin ainmnithe na forais sin a bhfuil an t-údarás dlíthiúil acu dámhachtainí a dhéanamh. Is forais iad Forais Cháiliúcháin Ainmnithe atá ainmnithe in Acht 2012 mar fhorais a bhfuil an t-údarás dlí acu dámhachtainí a dhéanamh. Leagtar amach in Acht 2012 na freagrachtaí atá ar OÉ, agus a cumhachtaí dámhachtana á bhfeidhmiú aici, as athbhreithniú a dhéanamh ar fho-thacar na n-institiúidí ardoideachais a aithníonn sí ("Coláistí Aitheanta OÉ") a chomhlíonann an sainmhíniú atá leagtha síos in Acht 2012 ar sholáthraí nasctha[1]. Is iad na cumhachtaí agus na freagrachtaí sin amháin a chuimsítear sa tsraith Treoirlínte seo.

Ag teacht leis an gceanglas gnásanna athbhreithnithe éifeachtúlachta a bhunú, tá Beartas agus Lámhleabhar um Athbhreithniú Timthriallach foilsithe ag an QQI. Forlíonann na treoirlínte seo na foilseacháin sin, ag soiléiriú ionchais na bhfreagrachtaí atá ar OÉ mar Fhoras Cáiliúcháin Ainmnithe, faoi Acht 2012, toisc gur foras cáiliúcháin é OÉ ach nach soláthraí ábhartha í.

Táthar ag súil go dtabharfaidh OÉ aird ar na Treoirlínte seo agus a gnásanna á mbunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthraithe nasctha.

# 2 RAON FEIDHME

Mar a dúradh cheana, is foras cáiliúcháin ainmnithe é OÉ faoi Acht 2012, ach ní soláthraí í do na gníomhaíochtaí oideachais, oiliúna agus taighde as a dtagann na céimeanna agus na cáilíochtaí a bhronnann sí. Dá réir sin, tá raon feidhme na ngnásanna a bhaineann le OÉ mar Fhoras Cáiliúcháin Ainmnithe níos teoranta, ag díriú go hiomlán ar fhreagrachtaí OÉ maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar a soláthraithe nasctha, ina mbronnann OÉ céimeanna agus cáilíochtaí eile. Ina theannta sin, ní shíneann raon feidhme na dtreoirlínte seo chuig caidreamh idir OÉ agus a comh-ollscoileanna. Caithfidh aon athbhreithniú a dhéanann OÉ ar bheartais agus ar ghnásanna dearbhaithe cáilíochta soláthraí nasctha a bheith cuimsitheach ó thaobh raon feidhme de maidir le dámhachtainí a aithnítear laistigh den CNC.

1 Leagtar amach i bhfo-ailt (3) agus (4) d'alt 2 d'Acht 2012 léirmhíniú soláthraí nasctha mar a leanas:

(3) Faoi réir fho-alt (4), is soláthraí nach foras cáiliúcháin ainmnithe é soláthraí nasctha a dhéanann socrú le foras cáiliúcháin ainmnithe faoina soláthróidh an soláthraí clár oideachais agus oiliúna a shásaíonn na réamhriachtanais go léir nó cuid de na réamhriachtanais le haghaidh dámhachtana ón bhforas cáiliúcháin ainmnithe.

(4) Ní soláthraí nasctha soláthraí cláir dá dtagraítear i bhfo-alt (3) i gcás inar comhdhámhachtain an tsoláthraí agus an foras cáiliúcháin ainmnithe an dámhachtain dá dtagraítear san fho-alt sin.

# 3 TAGAIRTÍ EORPACHA

Tagann gealltanais Eorpacha na hÉireann ónár mballraíocht san Aontas Eorpach (AE) agus ónár rannpháirtíocht i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA). Tá na Caighdeáin agus na Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Réimse Ardoideachais na hEorpa (ESG), Bealtaine 2015, mar bhonn agus taca leis na treoirlínte seo, nach mór do OÉ féachaint dóibh.

Tabharfaidh OÉ aird freisin ar aon chaighdeáin, treoirlínte, treoracha, beartais nó gealltanais pholaitiúla Eorpacha arna nglacadh go náisiúnta. Samplaí de ghealltanais Eorpacha den sórt sin is ea, ach gan a bheith teoranta do, *an Coinbhinsiún maidir le Cáilíochtaí Ardoideachais sa Réigiún Eorpach a Aithint* 1997, Lámhleabhar ECTS 2015 agus an Cur Chuige Eorpach um dhearbhú cáilíochta clár comhpháirteach, Deireadh Fómhair 2014.

# 4 TAIGHDE

Tá OÉ freagrach as a chinntiú go n-eagraíonn a sholáthraithe nasctha córas comhtháite dearbhaithe cáilíocht maidir lena ghníomhaíochtaí taighde agus go gcuimsítear é sin ina athbhreithniú ar Sholáthraithe Nasctha. Ba cheart go gcuirfeadh siad seo leis na piarmheicníochtaí athbhreithnithe a úsáidtear go forleathan i maoiniú agus i bhfoilsiú taighde agus go n-ionchorprófaí méadrachtaí ábhartha iontu. Ba cheart go bhforlíonfadh siad seo na gnásanna ar leith a cuireadh i bhfeidhm chun cáilíochta oideachas agus oiliúint taighde a dhearbhú.

# 5 FREAGRACHTAÍ OÉ AS ATHBHREITHNIÚ AR SHOLÁTHRAITHE NASCTHA

Baineann na treoirlínte le OÉ mar Fhoras Cáiliúcháin Ainmnithe uathrialach, a bhfuil freagrachtaí air as aon chláir oideachais, oiliúna agus taighde a thairgeann soláthraithe nasctha as a leanann dámhachtainí a dhéanann OÉ. Ceanglaítear ar OÉ féachaint do na Treoirlínte seo agus gnásanna á mbunú aige chun athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá gnásanna dearbhaithe cáilíochta a sholáthraithe nasctha agus a gcur chun feidhme.

## 5.1 GINEARÁLTA

Ní mór do OÉ a chinntiú go dtugann Soláthraithe Nasctha aird ar threoirlínte dearbhaithe cáilíochta QQI agus a ngnásanna dearbhaithe cáilíochta á mbunú acu. Ní mór do OÉ a chinntiú freisin go mbunaíonn siad gnásanna maidir le rochtain, aistriú agus dul chun cinn foghlaimeoirí i gcomhréir le Beartas QQI. Ní mór do OÉ a chinntiú go dtuigeann gach soláthraí nasctha raon feidhme a rannpháirtíochta le OÉ ó thaobh dámhachtainí a dhéanamh (an bhfuil sé eisiach nó an bhféadfaidh siad socruithe a dhéanamh le forais cháiliúcháin eile freisin?) agus raon feidhme faoi seach an athbhreithnithe (an gcuimseoidh sé gach gné dá soláthar nó gnéithe dá soláthar as a leanann dámhachtainí OÉ amháin?).

## 5.2 AG ULLMHÚ D'ATHBHREITHNIÚ

Cé go mbaineann raon feidhme na dTreoirlínte seo le hathbhreithniú ar sholáthraithe nasctha, moltar go gcuimseodh gnásanna OÉ na céimeanna as a leanann athbhreithniú freisin, amhail formheas beartais agus gnásanna dearbhaithe cáilíochta le soláthraithe nasctha agus monatóireacht leanúnach ar na gnásanna sin. Ba cheart d'OÉ iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil tuiscint iomlán ag soláthraithe nasctha ar riachtanais dearbhaithe cáilíochta agus ar an raon meicníochtaí cáilíochta nach mór dóibh a chur i bhfeidhm agus a thacú más mian leo a bheith lánéifeachtach. Ceanglaítear ar sholáthraithe nasctha aird a thabhairt ar Chroí-Threoirlínte QQI um Dhearbhú Cáilíochta agus ar Threoirlínte ábhartha eile topaic-shonracha.

Ba cheart d'OÉ a chinntiú go bhfuil a soláthraithe nasctha in ann cur chuige comhtháite a ghlacadh maidir le dearbhú agus feabhsú cáilíochta. Ba cheart do chur chuige institiúideach comhtháite a bheith dírithe ar dhúbailt neamhriachtanach a dhíchur, ualach a laghdú agus, thar aon rud eile, sineirgíocht a chur chun cinn. Ba cheart go mbeadh tairbhí agus deiseanna do na soláthraithe nasctha le sonrú ar chur chuige den sórt sin chun éifeachtacht a gcóras agus a ngnásanna a thástáil d'fhonn feabhsú leanúnach a dhéanamh; dea-chleachtas a aithint agus a scaipeadh; dúshláin agus réimsí le feabhsú agus an tslí le díriú orthu a aithint; eispéireas an mhic léinn a fheabhsú; agus feabhas a chur ar phleanáil straitéiseach agus eile mar is cuí.

## 5.3 ATHBHREITHNIÚ

Ní mór d'OÉ a gnásanna féin a áireamh, gnásanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá gnásanna dearbhaithe cáilíochta gach ceann dá soláthraithe nasctha.

Ní mór gnásanna a áireamh sna gnásanna seo maidir le:

- Athbhreithniú a dhéanfaidh OÉ ar a éifeachtaí atá na gnásanna dearbhaithe cáilíochta arna mbunú agus arna gcur i bhfeidhm ag an soláthraí nasctha faoi Alt 37 d'Acht 2012. Déanfaidh OÉ athbhreithniú ar sholáthraí nasctha i gcomhréir leis na gnásanna maidir le hathbhreithniú timthriallach arna mbunú ag QQI agus atá leagtha amach i mBeartas agus i Lámhleabhar QQI um Athbhreithnithe Timthriallacha.
- Foráil chun cóip de thuarascáil an athbhreithnithe a sheoladh chuig QQI, nuair a bheidh sé críochnaithe.
- Treoracha a eisiúint, tar éis athbhreithnithe, maidir lena héifeachtaí atá gnásanna dearbhaithe cáilíochta Soláthraí Nasctha.
- Duine achomhairc neamhspleách a cheapadh chun críocha achomharc a éisteacht faoi Alt 39 d'Acht 2012.
- Achomharc a éisteacht faoi Alt 39 d'Acht 2012.
- Ceadú do ghnásanna dearbhaithe cáilíochta de chuid soláthraí nasctha a tharraingt siar ag OÉ faoi Alt 39 d'Acht 2012. Áireofar leis seo gnásanna chun fógra faoi aon tarraingt siar den sórt sin a chur ar aghaidh.

I measc na ngnásanna breise a bheidh le breithniú beidh gnásanna maidir le:

- Earcú agus fostú saineolaithe seachtracha, neamhspleácha, náisiúnta agus idirnáisiúnta (más iomchuí), lena n-áirítear roghnú agus earcú comhaltaí painéal saineolaithe. Cuirtear treoirlínte eiticiúla a bhaineann le roghnú agus rannpháirtíocht saineolaithe seachtracha den sórt sin ar fáil do na saineolaithe. Ceanglaítear leis seo dearbhú ón saineolaí seachtrach maidir le haon leasanna a d'fhéadfadh a bheith i gcoimhlint, nó a thabharfadh an dealramh sin le fios, leis an ról nó leis na freagrachtaí atá beartaithe ag an soláthraí. Déantar athbhreithniú ar neamhspleáchas agus saineolas gach uair a fhostaítear duine toisc go bhféadfadh an dá cheann athrú. Déanann an soláthraí ainmneacha agus cleamhnachtaí lucht na bpainéal saineolaithe, na scrúdaitheoirí agus na bhfíordheimhnitheoirí saineolacha agus na saineolaithe seachtracha eile a bhaineann leis an soláthraí a chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Breithníú ar thorthaí athbhreithnithe agus gníomhartha leantacha a dhéantar agus athbhreithnithe seachtracha atá le teacht á n-ullmhú. Déantar anailís ar thorthaí na bhféinmheastóireachtaí agus bíonn siad ar fáil don timthriall athbhreithnithe seachtrach, agus nascann siad leis agus tacaíonn siad leis. De ghnáth, is iad a minicíocht agus a scála a idirdhealaíonn idir féinmhonatóireacht inmheánach leanúnach agus féinmheastóireacht fhoirmiúil. Tá fócas leathan, sistéamach ag féinmheastóireacht agus déantar é ag eatraimh shonraithe. Bíonn féinmhonatóireacht inmheánach ar siúl go leanúnach agus dírítear go hiondúil ar tháscairí sonracha.
- A chinntiú go ndírítear go háirithe i bhféinmheastóireacht ar cháilíocht, nó ar an tionchar ar, thaithí, gnóthachtálacha, cion an fhoghlaimeora agus ar thorthaí ón iliomad geallsealbhóirí atá páirteach sa chóras cáilíochta. Ar an tionchar ar fhoghlaimeoirí agus ar gheallsealbhóirí eile, seachas ar bheartais agus ar ghnásanna, a chuirtear an bhéim.
- Glactar leis an bhféinmheastóireacht mar dheis chun dul i mbun idirphlé ríthábhachtach le geallsealbhóirí, lena n-áirítear foghlaimeoirí, fostóirí, comhpháirtithe comhoibríocha, agus saineolaithe seachtracha atá páirteach i ngnásanna dearbhaithe cáilíochta. Tá dhá aschur ag an bhféinmheastóireacht bhunúsach: tuarascáil féinmheastóireachta, lena n-áirítear tátail agus moltaí le haghaidh feabhsúcháin, agus plean feabhsúcháin nó plean gníomhaíochta ina sonraítear conas agus cathain a ndíreoidh an soláthraí nasctha ar na moltaí a rinneadh sa tuarascáil féinmheastóireachta, agus cé a bheidh freagrach as. Comhdhlúthaíonn an tuarascáil féinmheastóireachta réimsí cleachtais éifeachtacha agus dírítear inti ar réimsí a dteastaíonn feabhsú orthu. Cuirtear gníomhartha a aontaítear tar éis na féinmheastóireachta i bhfeidhm agus bíonn an éifeacht a bheartaítear acu.
- A chinntiú go bhfuil ceangal idir an córas dearbhaithe cáilíochta agus oibleagáidí seachtracha DC an tsoláthraí nasctha, lena n-áirítear athbhreithniú seachtrach reachtúil ar DC faoi Acht 2012, agus aon chórais creidiúnaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ag an soláthraí, idir reachtúil agus deonach.

# 6. CAIGHDEÁIN AGUS DÁMHACHTAINÍ

Ba cheart d'OÉ a chinntiú go mbunaíonn soláthraithe nasctha gnásanna trína gcinnteofar

- Go n-aithnítear gach dámhachtain a dhéantar, a mhéid is indéanta le réasún, laistigh den CNC, lena n-áirítear na dámhachtainí sin a dhéantar thar ceann soláthraithe nasctha. Is é QQI atá freagrach as na beartais agus na critéir ar a bhfuil an CNC bunaithe.
- Go bhfaigheann foghlaimeoirí atá rollaithe ar chláir as a leanann dámhachtainí a aithnítear laistigh den CNC an caighdeán eolais, scile nó inniúlachta a bhaineann le leibhéal na dámhachtana sin.
- Go dtéitear i gcomhairle le forais rialála gairmiúla agus le QQI maidir le caighdeáin agus dearbhú cáilíochta clár as a leanann cáilíochtaí i ngairmeacha rialaithe.

## 6.1 GNÁSANNA DEIMHNIÚCHÁIN

Tá gnásanna bunaithe ag OÉ chun dámhachtainí a dheimhniú agus chun taifid foghlaimeoirí agus dámhachtainí a choinneáil. Baineann na gnásanna seo le gach dámhachtain a dhéanann OÉ trína soláthraithe nasctha. Féachtar sna gnásanna seo do:

- Leibhéal na dámhachtana, aicme agus cineál na dámhachtana sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, lena n-áirítear tagairtí do luach iomlán creidiúinti na dámhachtana.
- Tagairtí eile dá leithéid trína n-éascaítear cur i bhfeidhm an CNC, amhail an Forlíonadh Dioplóma Eorpach.